2025/1513

29.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1513 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Iúil 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le coinníollacha úsáide agus ceanglais lipéadaithe bhreise an bhia núíosaigh ola *Calanus finmarchicus*

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus atá curtha ar liosta an Aontais a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta an Aontais de bhianna núíosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]).

(3) Ar liosta an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470, áirítear ola *Calanus finmarchicus* mar bhia núíosach údaraithe.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/966 ón gCoimisiún ([3]) údaraíodh ola *Calanus finmarchicus* a chur ar an margadh lena húsáid i bhforbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), suas le huasleibhéal 1,0 g/lá (< 0,1 % eistir astaxaintine a bhfuil < 1,0 mg d'astaxaintin in aghaidh an lae ina thoradh air) don phobal i gcoitinne, seachas naíonáin agus leanaí óga, agus suas le huasleibhéal 2,3 g/lá (ó 0,1 % go ≤ 0,25 % eistir astaxaintine, a bhfuil ≤ 5,75 mg d'astaxaintin in aghaidh an lae ina thoradh air) don phobal i gcoitinne atá níos sine ná 14 bliana d'aois.

(5) An 16 Nollaig 2024 chuir an chuideachta Calanus A/S ('an t-iarratasóir') iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 ar athrú ar choinníollacha úsáide an bhia núíosaigh 'ola *Calanus finmarchicus*'. Mhol an t-iarratasóir na coinníollacha úsáide maidir le heistir astaxaintine a athrú go leibhéal suas le 0,25 % i gcás gach grúpa daonra. D'iarr siad uasleibhéal méadaithe suas le 0,25 % eistir astaxaintine atá in ola *Calanus finmarchicus* do leanaí idir 3 bliana d'aois agus 14 bliana d'aois. Maidir le forbhianna atá ceaptha don phobal i gcoitinne ina bhfuil an leibhéal d'eistir astaxaintine atá údaraithe faoi láthair, is é sin < 0,1 %, mhol an t-iarratasóir na leibhéil úsáide d'ola *Calanus finmarchicus* atá údaraithe faoi láthair a laghdú ó 1,0 g/lá go 0,9 g/lá, (≤ 0,25 % eistir astaxaintine, a bhfuil ≤ 2,25 mg d'astaxaintin in aghaidh an lae ina thoradh air) agus mhol sé naíonáin agus leanaí

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/2283/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/2470/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/966 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le coinníollacha úsáide, ceanglais shonracha lipéadaithe agus sonraíochtaí an bhia núíosaigh ola Calanus finmarchicus (IO L 166, 22.6.2022, lch. 125, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/966/oj).

([4]) Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/46/oj).

óga a eisiamh. Maidir le forbhianna atá ceaptha don phobal i gcoitinne atá níos sine ná 10 mbliana d'aois, mhol an t-iarratasóir uasleibhéal úsáide de 2,2 g/lá (≤ 0,25 % eistir astaxaintine, a bhfuil ≤ 5,5 mg d'astaxaintin in aghaidh an lae ina thoradh air). Maidir le forbhianna atá beartaithe don phobal i gcoitinne atá níos sine ná 14 bliana d'aois, ina bhfuil an leibhéal d'eistir astaxaintine atá údaraithe faoi láthair, is é sin ≤ 0,25 %, mhol an t-iarratasóir freisin na leibhéil úsáide d'ola *Calanus finmarchicus* atá údaraithe faoi láthair a mhéadú ó 2,3 g/lá go 3,1 g/lá (≤ 0,25 % eistir astaxaintine, a bhfuil ≤ 7,75 mg d'astaxaintin in aghaidh an lae mar thoradh air). Ar deireadh, d'iarr an t-iarratasóir na ceanglais lipéadaithe bhreise a leasú, ós rud é nach iomchuí a thuilleadh an ráiteas ina léirítear nár cheart do leanaí níos óige ná 14 bliana d'aois forbhianna ina bhfuil ola *Calanus finmarchicus* a thomhailt má tá ≥ 0,1 % astaxaintine sa chomhábhar toisc go ndéanfar cion astaxaintine ola *Calanus finmarchicus oil* a chomhchuibhiú ar fud na ngrúpaí daonra uile.

(6) Maidir leis an nuashonrú a iarradh ar liosta an Aontais d'ola *Calanus finmarchicus* a mhéid a bhaineann leis na hathruithe ar a choinníollacha úsáide do leanaí ó 3 bliana d'aois go dtí níos óige ná 10 mbliana d'aois, do dhéagóirí ó 10 mbliana d'aois go dtí níos óige ná 14 bliana d'aois agus don phobal i gcoitinne atá níos sine ná 14 bliana d'aois, measann an Coimisiún nach dócha go mbeidh tionchar ag an nuashonrú sin ar shláinte an duine, agus nach gá don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') meastóireacht sábháilteachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283. An toradh a bhfuil coinne leis mar geall ar an méadú atá beartaithe ar eistir astaxaintine in ola ó *Calanus finmarchicus*, go mbeidh iontógálacha astaxaintine ann, in éineacht le hiontógáil astaxaintine ón ngnáthaiste bia, nach sáróidh an iontógáil laethúil inghlactha in aon ghrúpa daonra arna bhunú ag an Údarás, is é sin iontógáil 0,2 mg d'astaxaintin/kg de mheáchan coirp ([5]).

(7) Dá bhrí sin, is iomchuí coinníollacha úsáide an bhia núíosaigh ola *Calanus finmarchicus* a leasú, mar a mhol an t-iarratasóir.

(8) Is iomchuí freisin ceanglais lipéadaithe ola *Calanus finmarchicus* a leasú, i gcomhréir leis na coinníollacha úsáide atá beartaithe, toisc nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag an ráiteas nár cheart do leanaí atá níos óige ná 14 bliana d'aois forbhianna ina bhfuil ola *Calanus finmarchicus* a thomhailt má tá ≥ 0,1 % astaxaintine sa chomhábhar.

(9) An fhaisnéis a sholáthraítear san iarratas, is faisnéis í lena ngabhann forais leordhóthanacha chun a shuí go bhfuil na hathruithe ar choinníollacha úsáide agus ceanglais shonracha lipéadaithe an bhia núíosaigh ola *Calanus finmarchicus* i gcomhréir le coinníollacha Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2015/2283 agus gur cheart iad a fhormheas.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir sin.

(11) Ionas go mbeidh a ndóthain ama ag oibreoirí gnó a gcuid cleachtas a choigeartú ar mhaithe le ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, ba cheart bearta idirthréimhseacha a leagan síos maidir le forbhianna ina bhfuil ola *Calanus finmarchicus*, forbhianna a ndearnadh iad a chur ar mhargadh an Aontais go dleathach nó a sheoladh ó thríú tíortha chun an Aontais go dleathach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([5]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2020;18(2):5993, https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2020.5993.

Airteagal 2

1. Forbhianna ina bhfuil ola *Calanus finmarchicus* a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, féadfar iad a mhargú go dtí a ndáta ar fearr roimhe nó a ndáta éagtha.

2. Forbhianna ina bhfuil ola *Calanus finmarchicus* a seoladh ó thríú tíortha agus a bhí ag déanamh a mbealaigh chuig an Aontas roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar forbhianna iad a chomhlíon na rialacha a bhí i bhfeidhm roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, féadfar iad a mhargú go dtí a ndáta ar fearr roimhe nó a ndáta éagtha.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear mar a leanas an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470:

(1) i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le 'ola *Calanus finmarchicus*':

Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid		Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise	Ceanglais eile
'Ola *Calanus finmarchicus*	*Catagóir shonraithe bhia*	*Uasleibhéil*	1. Is é 'ola ó *Calanus finmarchicus* (crústach)' an t-ainm a thabharfar ar an mbia núíosach ar lipéadú na n-earraí bia ina bhfuil sé. 2. Lipéadú forbhianna ina bhfuil ola *Calanus finmarchicus*, beidh ráiteas air a déarfaidh an méid seo a leanas: a) nár cheart na forbhianna sin a ghlacadh i gcás ina nglactar iad lá a bheadh forbhianna eile ina bhfuil eistir astaxaintine á nglacadh freisin. b) nár cheart do naíonáin agus leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois/leanaí faoi bhun 10 mbliana d'aois/leanaí agus déagóirí faoi bhun 14 bliana d'aois na forbhianna sin a ghlacadh, ag brath ar na haoisghrúpaí a bhfuil an forlíonadh bia beartaithe dóibh.'	
	Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE, seachas forbhianna do naíonáin agus leanaí óga	0,9 g/lá (≤ 2.25 mg d'astaxaintin in aghaidh an lae) don phobal i gcoitinne faoi bhun 10 mbliana d'aois, seachas naíonáin agus leanaí óga 2,2 g/lá (≤ 5,5 mg d'astaxaintin in aghaidh an lae) don phobal i gcoitinne idir 10 mbliana d'aois agus 14 bliana d'aois 3,1 g/lá (≤ 7,75 mg d'astaxaintin in aghaidh an lae) don phobal i gcoitinne atá níos sine ná 14 bliana d'aois		

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1513/oj